

EASCOINN MHÓIR

Bhí caiptín fairrge ar an bhfairrge mhór agus chonnaic sé an míolta móra ag eirghe, an draoi acab. Is gearr go bhfaca sé míol mór ag eirghe agus sglammana geala bainte as. Nuair a d'eirigh an míol mór seo aríst bhí eascoinn i ngreim ann, cos den eascoin timcheall ar an míol mór agus deic dtroighthe fichead dá drioball spáráilte le bheith ag gabhail air. Bhí ceann na heascoinne faoin uisge ag ithe an mhíl mhóir.

Sé an breac is mó sa bhfairrge an eascoinn. Chas eascoinn í féin timcheall ar an soitheach a bhí ag Loinnir Mac Leabhair gur choinnigh sí i lár na fairrge é, gur tháinig péist mhór a raibh lasracha a' teacht as a béal go dtáinig sí is gur ionnsuigh sí féin agus an eascoinn a chéile. "Más ag ionnsuighe na heascoinne atá sí a' tigheacht" adeir Loinnir Mac Leabhair, "tá mise as gábh."

6/12/32